Eispéireas Foghlama:
Bleachtairí Teanga



Comhthéacs: Rang 4, 5 agus 6 – Céim 3 agus Céim 4

Bhí na páistí sa rang ilghráid seo ag fiosrú téacsanna inste. Léigh siad réimse síscéalta i nGaeilge agus i mBéarla, lena n-áirítear An Slipéar Gloine. Cochaillín Dearg agus Na Trí Mhuicín. Tá na páistí fiosrach maidir le teangacha agus theastaigh uathu na téacsanna a fhiosrú i dteangacha eile.

Toradh/Torthaí Foghlama

Léitheoireacht: Rannpháirtíocht: *dul i ngleic le téacsanna atá níos casta agus téacsanna i dteangacha eile a fhiosrú***.**

Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir: Feasacht idirchultúrtha a fhorbairt: *béaloideas, scéalta, amhráin, damhsa, cora cainte, seanfhocail, srl., a bhailiú agus a iniúchadh ó réimse teangacha agus cultúr.*

Fóca(i)s Foghlama

Fiosraigh agus aithin síscéal i dteanga eile.

Eispéiris Foghlama

Na páistí mar Bhleachtairí Teanga.

Pléghrúpa agus plé ranga.

Measúnú agus Monatóireacht

Cén fhianaise ón téacs a d'úsáid na páistí chun an síscéal a bhí á phlé a aithint?

Eispéireas Foghlama:
Bleachtairí Teanga




Treoracha don Eispéireas Foghlama

1. Amharc ar an téacs le do ghrúpa chun focail/frásaí ar bith a aithníonn tú a roghnú.
2. Bain úsáid as an eolas atá agat ar theangacha chun naisc a dhéanamh idir focail a aithníonn tú agus focail nach n-aithníonn tú.
3. Cuardaigh leideanna amhail carachtair nó focail nó frásaí a thagann aníos arís agus arís eile.
4. Comhoibrigh le do ghrúpa agus bain úsáid as fianaise ón téacs chun an síscéal a aithint.
5. Breac síos do smaointe.

Ceisteanna Machnamhacha

Conas go ndéanfá oiriúnú ar an Eispéireas Foghlama seo chun freastal ar láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na bpáistí i do chomhthéacs?

Cad é mar is féidir leis an Eispéireas Foghlama seo forbairt ó Chéim 1 go Céim 4?



Oide

Los Tres Cerditos

Había una vez tres cerditos. Ellos se fueron a construir sus propias casas. El primer cerdito construyó su casa de paja.
El segundo cerdito construyó su casa de madera.
La tercera cerdita construyó su casa con ladrillos.
Pero no sabían que cerca había un gran lobo feroz.
La mañana siguiente, el lobo feroz se encontró con la primera casa.
“Cerdito, cerdito, déjame entrar”, dijo el lobo.
“¡No, no, no! No te dejaré entrar”, dijo el cerdito.
“¡Entonces soplaré y soplaré y tu casa derribaré!”, dijo el lobo.
¡Sopló y sopló y la casa derribó! El cerdito escapó.
Al día siguiente, el lobo volvió y llamó a la puerta.
“Cerditos, cerditos, déjadme entrar”, dijo el lobo.
“¡No, no, no! No te dejaremos entrar”, dijeron los cerditos.
“¡Entonces soplaré y soplaré y vuestra casa derribaré!”, dijo el lobo.
¡Y sopló y sopló y la casa derribó! Los cerditos escaparon.
Los cerditos corrieron a la casa de su hermana, la que estaba hecha de ladrillos. “Cerditos, cerditos, déjadme entrar”, dijo el lobo.
“¡No, no, no! No te dejaremos entrar”, dijeron los cerditos.
“¡Entonces soplaré y soplaré y vuestra casa derribaré!”, dijo el lobo.
¡Y sopló y sopló y sopló! ¡Pero no pasó nada! El lobo, muy decidido, entró por la chimenea y aterrizó en la olla de agua hirviendo. El lobo huyó para no volver jamás. Los cerditos reconstruyeron sus casas con ladrillos y vivieron felices para siempre.